

Tosach inmhe oirbheartas  
[RIA 236 (B/iv/1), 200b]  
[Aoi Fhreislighe]

- 1 Tosach inmhe oirbertus  
a[s] fada o fúair [a] dhearbadh  
ar neach o théid oirrdhearcus  
ni feirde a bladh do bernadadh.
- 2 Glor nach feider d'increachadh  
ar dearbh an fáidh go fosaign  
gidh [bé] irlb ail inmheachus  
denadh oirbhert ar tosaigh.
- 3 Ro mhor an rath d'enduine  
inbhe is oirbhert re cheile  
f[r]ith sgríobhtha ag gac sgélidhi  
tosach flathemhnus feile.
- 4 Thríd ioctur gach aondolaigh  
gach ughdar riamh 'ga rádha  
síad ar-áon a n-énchomhar  
an fhéile is mac Con tShnamha.
- 5 A ríar leo do léigfidhe  
deacraide dhóibh a shéna  
o claraibh ni creidfidhe  
da ndeachadh uaidh fa éra.
- 6 Do chlíaraibh a ccomhnaidhe  
as é a theach a léim luidhe  
faoigh re ar Máol Morrdhui-ne  
bíd ag iomadh ré ar-oile.
- 7 Sa treibh dhúasaigh dháoinigh-si  
do-geibhther díol gach dáimhe  
tarla tegh an taoisigh-si  
ag cách 'na osbi-táile.
- 8 Da mbeith na badh derbhchara  
do thiucfad tara dhála  
locht einigh na engnamha  
ni faghtur ar mac Con tSnámha.
- 9 Do-ni do nós Fallamhain  
a chlú gur chuir fa shéla  
ar mac fíal Fallamhain  
fuighther máoin na héra.
- 10 Canfad rib gan róidheine  
ribh gion gur mór moidhter  
ni fuighther taom toibheine  
ar bar n-engnamh re háoinfher.
- 11 Sibh ar áth dhá ionghaire  
ni díb fa dheóigh dob aithrech  
cur ribh a n-am iorghaile  
do budh lámh a nead naithrech.
- 12 Neath ret feidhm n[í h]inmhesda

- 12 ursa catha mur congmhadh  
do chosg a n-am imresna  
túargain darach do dhornnuib.
- 13 Ge madh aidhbhseach hfh'orlann-sa  
tús is deireadh gach deachra  
seachnadh cách do chomhlann-sa  
dual an teinidh do seachna.
- 14 Ni baoghal a breathnachad  
dol oraibh d'iarraidh gotha  
mur a-deir an senfhocal  
is snámh a n-aghaid[h] tshrotha.
- 15 A-tá agum baramhail  
dol oraibh d'iarraidh béime  
ni cóir gan a canamhain  
iadhadh duirn im gha gréine.
- 16 Siubhlach ionn gach áonionadh  
an teist a-ta in bur ndeghaidh  
in t-eineach gan eilsigedh  
do cuiredh ribh do mheabhair.
- 17 Tar [a] bfreimh da bfuilir-si [201]  
is roibheg a díol derbtha  
breith do ghill ni bfuidhir-si  
ni sgél ar aicme Fhergna.
- 18 Eól damh-sa go deibheadhach  
os diom dleghar a n-áiremh  
fios gach glúin da giniolach  
go hAdham nar tuill cáineadh.
- 19 Cóir tús don fhial fhorusta  
Tadhg mac Áodha mhic Aodha  
mhic Aoda Ruaidh róghasda  
mhic Taidhg nár dhiult daonna.
- 20 Eoghan is Áodh oireadha  
is Domhnall nar doigh a dhermad  
mh[e]ic Donnchaidh shaoir shoidealbheda  
meic Giolla na Naomh námhlaigh [leg. neamhlag?].
- 21 Mh[e]ic Giolla (na Naomh) Críost comhdhalaigh  
nar trom a theach in termuinn  
m[e]ic Muirceachtaigh mhórdhalaigh  
mh[e]ic Con tSnama nemhghainn.
- 22 M[e]ic Murchertaigh mhenmshochraidh  
ris nach diultar dámha  
m[e]ic Con tShnáma nemhchrothaigh  
o sloinnter m[e]ic Con tSnáma.
- 23 Diarmuid fíal is Fallamhain  
Máol Mórdha mían gan ughdair  
m[e]ic Cernachán chathlannaigh  
mh[e]ic Duibhdhothra m[e]ic Dúnchaidh.
- 24 Báoidhín Bláthmac bunata  
Feidhlimigh rioga rocháoin

- mh[e]ic Criomhthainn cháoimh churata  
 m[e]ic Sgannláin nar thuill tathaoir.  
 25 Aodh fionn flaith na feedhna-sa  
nar bheg treisi ar Themhraigh  
 m[e]ic Fergna m[e]ic Ferghusa  
 m[e]ic Mureadhaigh mháil mhenmnaigh.  
 26 Mh[e]ic Eoghain sreibh sháoithionoil  
 mh[e]ic Dhúachghalaigh na ngníomhach  
 Brían mac Eachaidh Múighmeadhóin  
 is Muireadhach tren Tíreach.  
 27 Mh[e]ic Fiachaídh sóir Sráiftine  
 aga raibhe ciall gach Gáoidhil  
Cairbre fial an flaithfile  
 m[e]ic Cormaic mh[e]ic Airt Áoinfeir.  
 28 Ocht bfer dhég do dheghferaibh  
 is fiche laoch re labhra  
 o Thadhg d'áiremh ginealaigh  
 go Conn Cédchathach calma.  
 29 O Chonn rioghdha raithchéillidh  
 go hÁdhamh prémh na bfer-sin  
 ceithre fichid flaithfheindidh  
 gan iomarcaigh gan esbaidh.  
 30 Da mbeithmís da ngérthogha  
 ar hairemh linn go cinnte  
 mac Con tSnámha a n-énrogha  
 is mestur íad fa a n-inmhe.  
 31 Túar airmhe don áoinfher-sin  
 cóir dho Shencha a hsíoladh  
 ni foighther fan táoiseach-sin  
acht ful righ(i) , rioghna.  
 32 Ni beite dhá bhrégnachadh  
 bladh [a] einigh gur chosain  
 ni héidir a egnach-san  
 re ar thuill do theist ar tosaigh.<sup>x</sup>  
 33 Tus inmhe nos Nuathlaighe [201b]  
 ag cur a clú [in] gach ennaird  
 cuid do rath na Ruarcaige  
 rug geall einigh gach einmhna.  
 34 Teist inghine an Domhnaill-si  
 anamh do cu[.....]  
 terc ben do-ni a foghloim-si  
 is céim nemh na [.....].  
 35 Do gnáth do-ni an Bhrefneach-sin  
ar daimh nac iarr oradh  
 dá sith riár gan aoinesbaidh  
 fa dereadh is fa thosaigh. Tosach...